# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 401

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

18 Deireadh Fómhair 2022


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 401/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10612 – NIS / HIPP) ([1]) ........ 1

2022/C 401/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10826 – GOLDMAN SACHS / NORGINE) ([1]) ........ 2

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

2022/C 401/03 Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1967 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle, lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo ........ 3

2022/C 401/04 Fógra le tabhairt ar aird na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhfuil baint acu leo ........ 5

2022/C 401/05 Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1955 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ........ 6


GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2022/C 401/06 Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ........ 7

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 401/07 Rátaí malairte an euro — 17 Deireadh Fómhair 2022 ........ 9

V *Fógairtí*

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 401/08 Foilsiú iarratas ar leasú ar shonraíocht ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ........ 10

2022/C 401/09 Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ........ 23

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10612 – NIS / HIPP)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 401/01)

An 19 Meán Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10612. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10826 – GOLDMAN SACHS / NORGINE)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 401/02)

An 15 Meán Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10826. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

**Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1967 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle, lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo**

(2022/C 401/03)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1967 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle ([3]) lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a ainmníodh sna hIarscríbhinní thuasluaite, chinn sí gur cheart na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 agus i Rialachán (AE) 2016/1686 leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, do na grúpaí, do na gnóthais agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais riachtanacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

Féadfaidh na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur isteach go bhfaighidís ón gComhairle an ráiteas ar chúiseanna atá lena n-áireamh ar an liosta thuasluaite. Ba cheart aon iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh na daoine, na grúpaí, na gnóthais agus na heintitis lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. I ndáil leis sin, dírítear aird na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas lena mbaineann ar an athbhreithniú rialta a dhéanfaidh an Chomhairle ar an liosta de réir Airteagal 6(2) de Chinneadh (CBES) 2016/1693 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/1686. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh faoin 14 Iúil 2023.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.
([2]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 84.
([3]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

Ina theannta sin, cuirtear in iúl do na daoine, do na grúpaí, do na gnóthas agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Fógra le tabhairt ar aird na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhfuil baint acu leo**

(2022/C 401/04)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([2]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1967 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686 ón gComhairle ([4]).

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála sin; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2016/1693, arna leasú ag Cinneadh (CBES) 2022/1967, agus Rialachán (AE) 2016/1686.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh (CBES) 2016/1693 agus i Rialachán (AE) 2016/1686.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú na gceart ag na hábhair sonraí, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.
([3]) IO L 270, 18.10.2016, lch. 84.
([4]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

**Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1955 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

(2022/C 401/05)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1955 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine sin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 31 Nollaig 2022, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Tugtar d'aire na ndaoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa 2ú mír d'Airteagal 275, agus sa 4ú agus sa 6ú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
([2]) IO L 269 I, 17.10.2022, lch. 9.
([3]) IO L 162, 22.6.2011, lch. 14.
([4]) IO L 269 I, 17.10.2022, lch. 1.

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

(2022/C 401/06)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na n-ábhar sonraí i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([2]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([4]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1955 ón gComhairle ([5]).

Is é RELEX.1 in Ard-Stiúrthóireacht an Chaidrimh Sheachtraigh - RELEX Ardrúnaíocht na Comhairle (Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, ar féidir dul i dteagmháil leis ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí ARC ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1955.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú na gceart ag na hábhair sonraí, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a dtéann bailíocht an bhirt in éag, nó go ceann ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
([3]) IO L 269 I, 17.10.2022, lch. 9.
([4]) IO L 162, 22.6.2011, lch. 14.
([5]) IO L 269 I, 17.10.2022, lch. 1.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Rátaí malairte an euro [1]
## 17 Deireadh Fómhair 2022

(2022/C 401/07)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 0,9739 | CAD | dollar Cheanada | 1,3452 |
| JPY | yen na Seapáine | 145,00 | HKD | dollar Hong Cong | 7,6448 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4379 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7404 |
| GBP | punt steirling | 0,86250 | SGD | dollar Shingeapór | 1,3896 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,9893 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 399,41 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9762 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 17,6769 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 140,90 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,0130 |
| NOK | krone na hIorua | 10,3420 | HRK | kuna na Cróite | 7,5265 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 15 061,80 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,562 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,5934 |
| HUF | forint na hUngáire | 418,30 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 57,433 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,8143 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9370 | THB | baht na Téalainne | 37,169 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,1043 | BRL | real na Brasaíle | 5,1497 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5599 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,5000 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 80,1280 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

*(Fógairtí)*

GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratas ar leasú ar shonraíocht ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(2022/C 401/08)

Le foilsiú an iarratais seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

**"Pannon"**

**PDO-HU-A1380-AM03**

**Dáta cur i bhfeidhm: 25.1.2018**

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. **Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú**

2.1. *Catagóir táirge fíona leathshúilínigh aeraithe a chur leis*

Thosaigh táirgeoirí fíona ag déanamh fíonta leathshúilíneacha aeraithe mar fhreagra ar éilimh mhargaidh a bhí ag athrú. Leis an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht atá ar fáil, is féidir cáilíocht níos fearr ná riamh a bhaint amach, a bhfuil éileamh agus táirgeadh méadaithe mar thoradh air. Is féidir táirgí aonfhoirmeacha ardcháilíochta a dhéanamh leis na fíonta sármhaithe Pannon STFC i gcomhréir leis an tsonraíocht.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

Tuairisc ar na fíonta

Uastáirgeacht

Príomhchineálacha fíonchaoire

Nasc leis an limistéar geografach

Coinníollacha breise

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

2.2. *Catagóir táirge fíona shúilínigh a chur leis*

Thionscain meascán d'éileamh an mhargaidh agus d'fhiontraíocht déantóirí fíona táirgeadh fíonta súilíneacha éagsúla. Is fada an lá bunfhíonta i gcomhair fíonta súilíneacha a bheith á dtáirgeadh sa réigiún fíona. Chuir na fíonlanna teaghlaigh atá ag cur fúthu anseo a bhfíonta súilíneacha féin lena raonta táirgí. Na cineálacha fíonchaoire a liostaítear sa tsonraíocht táirge maidir le fíon Pannon STFC, táirgeann siad fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht ach go háirithe, lenar féidir cáilíocht aonfhoirmeach agus níos airde a bhaint amach.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

Tuairisc ar na fíonta

Uastáirgeacht

Príomhchineálacha fíonchaoire

Nasc leis an limistéar geografach

Coinníollacha breise

2.3. *Cineálacha nua a cheadaítear: Ezerfürtű, Furmint, Kadarka (geal), Pinot Noir (geal), Rizlingszilváni, Zöld szagos, Zöld szilváni agus Alibernet*

Tá patrúin maidir le fíon a ól ag athrú go leanúnach, agus tá táirgeoirí ag déanamh a ndícheall iad a oiriúnú. Tá méadú ag teacht ar sciar na gcineálacha geala agus cumhra sa limistéar sainithe. Tá roinnt de na cineálacha atá iarrtha á n-úsáid le fada chun fíon de cháilíocht iontaofa a dhéanamh, agus tagann roinnt eile ó phlanduithe trialacha.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Príomhchineálacha fíonchaoire

2.4. *Leasú bardas lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe: Varsád a chur leis*

Próiseálann an monarcha táirgthe fíona in Varsád fíonchaora de thionscnamh an limistéir shainithe do Pannon STFC. Comhlíonann cáilíocht tháirgí earnáil an fhíona a dhéantar ó na fíonchaora seo ceanglais na sonraíochta táirge seo. (Cláraíodh bardas Dég cheana san iarratas tosaigh mar bhardas lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe.)

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Coinníollacha breise

2.5. *Na bardais Cikó, Fürged, Magyarszék, Németkér, Pálfa, Pári agus Somberek a chur leis an limistéar táirgthe críochaithe*

Is leis an aonad riaracháin céanna iad na bardais sin chun críocha Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/33 ([2]) mar an limistéar táirgthe críochaithe. Is cuid dhílis den limistéar geografach iad de bhua a saintréithe ithreach agus a suímh.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Limistéar geografach críochaithe

2.6. *Scriosadh na mbardas Aba agus Seregélyes ón limistéar táirgthe críochaithe*

Baineadh na bardais sin den riarachán poiblí don limistéar críochaithe agus is cuid de réigiún fíona eile iad. Ní cuid den limistéar geografach iad de bhua a saintréithe ithreach agus a suímh agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint den liosta bardas sa limistéar táirgthe críochaithe.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Limistéar geografach críochaithe

([2]) IO L 9, 11.1.2019, Ich. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Pannon

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

4.1. *Fíon geal*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Idir dath glasbhán, buíghlas, agus dath órga. Bíonn réimse bolaithe acu, ó fhíneáltacht dhiscréideach go dea-bholaithe an-dian de na cineálacha cumhra. Féadfar cumhráin úll agus torthaí citris agus lorg fann bláthanna fiú a bheith ann. Baineann aigéadacht chasta mheánach le fíonta geala Pannon. Gnéithe de na fíonta a tháirgtear sa réigiún seo is ea blas na dtorthaí agus an chomhchuibheacht.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,5 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 200 |

4.2. *Fíon rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Idir dath craicinn oinniúin, dhath piaine, agus dath sútha talún. Tá na bolaithe cumhra tipiciúil don chineál, sú craobh, sú talún agus sméar dhubh go príomha. Baineann saintréithe d'aigéid úra leis an bhfíon, le láidreacht mheasartha agus tathag measartha éadrom, agus dea-bholaithe a léirítear sa srón agus ansin sa bhéal chomh maith.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,5 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |

| | |
|---|---|
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 200 |

4.3. *Fíon dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá réimse dathanna air, idir dearg agus dhath an rúibín, idir corcra-dhearg agus dúdhearg dorcha. Bíonn boladh torthaí mar shaintréith aige, boladh de chaora dearga, go háirithe sú talún, pluma agus silín. Féadfar blasanna spíosracha a chur leis mar thoradh ar theacht chun cineáil i mbairillí. Tá tathag lán measartha aige in éineacht le haigéadacht mheasartha tipiciúil agus struchtúr tainnine measartha-ard.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,5 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 20 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 150 |

4.4. *Fíon geal súilíneach*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá réimse dathanna air idir dath buí éadrom agus dath buí órga. Cinntear a bholadh agus a bhlas trí bhíthin na ndea-bholaithe atá tipiciúil de na fíonchaora – torthaí citris agus úll glas – atá chomhlánaithe leis an mboladh tánaisteach agus substaintí dea-bholaithe a fhorbraíonn le linn teacht chun cineáil, amhail briosca agus brioche. An tsúilíneacht fhíneálta a dhéantar trí bhíthin aigéid charbónaigh a dhíorthaítear ón dara coipeadh alcólach, bíonn sí ann i rith phróiseas an bhlaiste ar fad.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.5. *Fíon rosé súilíneach*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Féadfaidh idir dath éadrom craicinn oinniúin agus dearg éadrom a bheith air. Cinntear a bholadh agus a bhlas trí bhíthin na substaintí dea-bholaithe torthaí, sú talún éadrom, sú craobh agus spíosracha a bhaineann leis na fíonchaora go hiondúil, a chomhlánaítear leis an mboladh tánaisteach agus substaintí dea-bholaithe a fhorbraíonn le linn an aosaithe, amhail briosca agus brioche, mar shampla, in éineacht le haigéadacht dheas chothromaithe.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.6. *Fíon dearg súilíneach*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Féadfaidh dath idir dath an rúibín agus dúdhearg a bheith air. Cinntear a bholadh agus a bhlas trí bhíthin na bpríomh-dea-bholaithe torthaí atá tipiciúil de na fíonchaora (silín agus cuiríní go príomha), atá comhlánaithe leis an mboladh tánaisteach agus substaintí dea-bholaithe a fhorbraíonn le linn teacht chun cineáil, amhail briosca agus brioche.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.7. *Fíon geal leathshúilíneach aeraithe*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Féadfaidh dath idir ghlasbhán agus buí órga a bheith air; agus boladh úr torthaí de thorthaí citris agus d'úll glas air i gcónaí, agus aigéadacht úr ghalánta. Níl blasanna den aoisiú i mbairillí adhmaid le sonrú ina bhlas ná ina bholadh.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |

| | |
|---|---|
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.8. *Fíon rosé leathshúilíneach aeraithe*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Féadfaidh dath ó chraiceann oinniúin éadroim agus dearg éadrom a bheith air, in éineacht le blas torthaí (sú talún, sú craobh agus sméar dhubh go príomha) agus saintréith úr spleodrach aige.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.9. *Fíon dearg leathshúilíneach aeraithe*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Féadfaidh an dath atá air a bheith idir dearg agus dath an rúibín, nó idir corcra-dhearg agus dúdhearg dorcha. Bíonn blas torthaí tipiciúil mar shaintréith aige mar aon le boladh de thorthaí caor dearg, cuir i gcás sú talún, pluma agus silín.

* Comhlíonann na sonraí anailíseacha atá ar lár na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

## 5. Cleachtais fíonóireachta

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

***Rialacha maidir le táirgeacht fíonchaor***

Córas treoraithe fíniúnacha

Modh saothraithe fíniúnacha agus spásáil:

I gcás fíonghoirt a cuireadh roimh an 31 Iúil 2009, féadfar táirgí earnáil an fhíona ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint Pannon a tháirgeadh go dtí an bhliain fíona 2035/2036 ó fhíonchaora as aon fhíonghort lenar ceadaíodh an modh treoraithe agus an dlús plandála cheana.

***Rialacha a bhaineann le plandálacha nua***

I gcás fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2009:

— ní fhéadfaidh an dlús plandála a bheith níos lú ná 3 300 fíniúin/ha;

— ní fhéadfaidh an spásáil idir línte a bheith níos lú ná 2 mhéadar ná níos mó ná 3,5 méadar;

— ní fhéadann spásáil idir plandaí a bheith níos lú ná 0,6 mhéadar nó níos mó ná 1,2 mhéadar;

— féadfar aon mhodh treoraithe a úsáid, ach amháin oiliúint chuirtín shingil.

***Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh***

DADA

b. *Táirgeacht uasta*

***Gach táirge in earnáil an fhíona***

100 hl/ha

***Gach táirge in earnáil an fhíona***

14 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéir na mbardas a leanas a aicmítear in Aicme I agus Aicme II de réir chadastar an fhíonghoirt: Helesfa, Kispeterd, Mozsgó, Nagypeterd, Nyugotszenterzsébet, Szigetvár, Boda, Cserkút, Hosszúhetény, Ivánbattyán, Keszü, Kiskassa, Kővágószőlős, Kővágótöttös, Mecseknádasd, Pécs, Pécsvárad, Szemely, Kisjakabfalva, Babarc, Bár, Bóly, Dunaszekcső, Hásságy, Lánycsók, Magyarszék, Máriakéménd, Mohács, Monyoród, Nagynyárád, Olasz, Szajk, Szederkény, Somberek agus Versend;

Alsónána, Alsónyék, Báta, Bátaszék, Decs, Harc, Kakasd, Kéty, Medina, Őcsény, Sióagárd, Szálka, Szekszárd, Várdomb agus Zomba;

Aparhant, Bátaapáti, Bikács, Bonyhád, Bonyhádvarasd, Bölcske, Cikó, Dunaföldvár, Dunaszentgyörgy, Dúzs, Fácánkert, Felsőnyék, Fürged, Grábóc, Gyönk, Györe, Györköny, Hidas, Hőgyész, Igar, Iregszemcse, Izmény, Kisdorog, Kismányok, Kisszékely, Kisvejke, Kölesd, Lengyel, Lajoskomárom, Madocsa, Magyarkeszi, Mezőkomárom, Mórágy, Mőcsény, Mucsfa, Mucsi, Nagydorog, Nagyszékely, Nagymányok, Nagyszokoly, Németkér, Ozora, Paks, Pálfa, Pári, Pincehely, Regöly, Sárszentlőrinc, Simontornya, Szabadhidvég, Tamási, Tengelic, Tevel, Tolna, Tolnanémedi, Váralja agus Závod;

Bisse, Csarnóta, Diósviszló, Harkány, Hegyszentmárton, Kistótfalu, Márfa, Nagytótfalu, Siklós, Szava, Túrony, Vokány, Kisharsány, Nagyharsány, Palkonya, Villány agus Villánykövesd.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

alibernet

blauburger

blauer frühburgunder

bíbor kadarka

cabernet franc – cabernet

cabernet sauvignon

chardonnay – kereklevelű

cirfandli - piros cirfandli

cot - malbec

csabagyöngye - péarla csaba

cserszegi fűszeres

csomorika - csomor

domina

ezerfürtű

furmint - furmint bianco

hamburgi muskotály - muscat hamburg

hárslevelű – garszleveljü

irsai olivér – irsai

juhfark – fehérboros

kadarka - fekete budai

karát

királyleányka – little princess

kékfrankos – moravka

kékoportó - blauer portugieser

leányka – leányszőlő

menoire

merlot

mészikadar

nektár

olasz rizling – olaszriesling

ottonel muskotály – muscat ottonel

pinot blanc – fehér burgundi

pinot noir – kék burgundi

rajnai rizling – rhine riesling

rizlingszilváni – müller thurgau

rubintos

sagrantino

sauvignon – sauvignon blanc

syrah – shiraz

szürkebarát – pinot gris

sárga muskotály – muscat lunel

tannat

tramini – traminer

turán

viognier

zefír

zengő

zenit

zweigelt – blauer zweigeltrebe

zöld szagos - decsi szagos

zöld szilváni - grüner sylvaner

zöld veltelíni - zöldveltelíni

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Tosca nádúrtha*

Cuimsíonn réigiún fíona Pannon ceithre limistéar fíonsaothrúcháin lonnaithe sa cheantar cnocach arb iad an Danóib, Abhainn Drava agus Loch Balaton agus fánaí theas shliabhraonta Villány agus Mecsek eatarthu mar theorainneacha air. Is iad sin na limistéir fíonsaothrúcháin Pécs, Villány, Szekszárd agus Tolna.

Ithir chréúil agus dhríodair ghainmheach atá i mbuncharraig chnoic Tolna agus Baranya, arna cumhdach ag lós agus dúrabhán. Cumhdaíonn lós agus dúrabhán bloic aolchloiche Chnoic Villány agus Mecsek in go leor áiteanna.

Tá ithir réigiún fíona Pannon an-fhabhrach d'fhíonsaothrúchán.

Tá an aeráid ilchríochach le tionchair mhóra na Meánmhara ón deisceart.

Bíonn an mheánteocht bhliantúil idir 10-12 °C. Is mó meánlíon uaireanta gréine ná 2 000 na bliana. Le roinnt eisceachtaí, bíonn méid na frasaíochta thart ar 600 mm.

Tá aeráid agus aimsir an réigiúin oiriúnach go háirithe chun fíonchaora bána agus dubha a tháirgeadh.

8.2. *Fíon: Tosca daonna*

Tá an limistéar ar cheann de na réigiúin is sine ina dtáirgtear fíon san Ungáir. Is iad na Ceiltigh agus ansin na Rómánaigh a thug fíonsaothrú chuig an Ungáir, i.e. an Phanóin, ar dtús. Tacaíonn fionnachtain déantán le tábhacht an fhíonsaothraithe sa réigiún sin freisin.

Sa chéad aimsir sin, thug daoine a raibh cónaí orthu sa réigiún na dálaí nádúrtha faoi deara a chuir bunús iontach ar fáil le haghaidh fíonsaothraithe agus táirgeadh fíona. Tá roinnt taifeadtaí scríofa ar fhíonta a táirgeadh sa réigiún sin a théann siar chomh fada leis na Meánaoiseanna. Tá fíonghoirt ar tugadh aire mhaith dóibh le haimsiú ag na raidhse mainistreacha a bunaíodh le linn ré Árpád.

Níor chuir rud ar bith bac ar an bhfíonsaothrú rafar ach amháin na cogaí leis na Turcaigh, ar feadh thart ar 150 bliain.

D'fhorbair na Gearmánaigh, a chuir fúthu sa réigiún fíona san 18ú haois, fíonóireacht áitiúil tuilleadh. Thug na Seirbiaigh, a chuir fúthu sa tréimhse sin, táirgeadh Kadarka isteach, ónar táirgeadh fíon dearg trí bhíthin modh nua a úsáid: coipeadh ar na craicne.

As measc na ndosaenacha cineálacha saoraithe, d'éirigh dhá chineál fíonchaor a úsáidtear chun fíon dearg a tháirgeadh, cinniúnach le linn an athphlandaithe san 18ú haois: bhí Kadarka ar cheann acu, a thug na Seirbiaigh ó na Balcáin agus iad ar a dteitheadh ó na Turcaigh; ba é Kékoportó an ceann eile, a thug lonnaitheoirí Gearmánacha isteach chuig Villány leo agus deirtear gur as an bPortaingéil é. Tá clú níos fearr ar an réigiún as a fhíonta dearga, ach ba iad na cineálacha geala ba mhó a aimsíodh i gceantair Siklós, Tolna agus Mecsek ná: Olaszrizling, Hárslevelű, Cirfandli agus Furmint.

Thug Kadarka modh táirgthe Balcánach na bhfíonta dearga isteach. Coipeadh fíonchaora gorma in umair adhmaid mhóra ar fheirmeacha i bhfíonghoirt Szekszárd agus i dtithe cantaoire a tógadh sna siléir ar imeall shráidbhaile Villány. Tar éis coipthe, séalaíodh barr an bhonn mairc le láib agus aosaíodh ar feadh míosa é. Ansin doirteadh na fíonta isteach i mbairillí. In Transdanubia Theas, táirgeadh fíonta dearga níos glaine agus blas úr orthu a dtugtar "siller" nó "fuchsli" orthu trí bhíthin maothú níos giorra ar chraicne.

Táirgtear fíonta dearga agus geala araon i réigiún fíona Pannon, ach tá na fíonta dearga ag éirí níos suntasaí na laethanta seo. Ag tús an 20ú haois sholáthair Kadarka agus Kékoportó bunús na bhfíonta dearga fós, ach le blianta beaga anuas cuireadh Kékfrankos in ionad Kadarka, agus tá na cineálacha idirnáisiúnta a leanas forleathan anois: Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc agus Merlot. Is minic go dtáirgtear fíonta cuveé de chineál Bordeaux a aosaítear i mbairillí adhmaid nua ó na cineálacha sin. Is iad Olaszrizling, Hárslevelű, Rajnai rizling agus Chardonnay na cineálacha geala is treise.

8.3. *Fíon: Tuairisc ar na fíonta*

Go ginearálta, bíonn fíonta an limistéir chríochaithe tathag measartha nó tathagach, a bhuí leis na fánaí a bhfuil a n-aghaidheanna ó dheas, agus dá bharr sin bíonn an aimsir níos teo de ghnáth, a fhágann go mbíonn méid an aibithe shiúcra níos airde agus le hábhar alcóil meánleibhéil nó ardleibhéil agus bíonn sé i gcomhréir leis an tathag. Léirítear an stíl aibí trína bhlas torthaí agus tainnin láidir (d'fhíonta dearga).

8.4. *Fíon: Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh*

Mar gheall ar aeráid ilchríochach réigiún fíona Pannon, in éineacht le tionchair na Meánmhara, agus na fánaí deisiúracha ann, bíonn fíonta Pannon de chineál na Meánmhara go príomha agus bíonn aigéadacht chasta ghalánta acu. Mar gheall ar fho-ithir dhriodach chnoic Tolna agus Baranya, bíonn blas torthaí ar fhíonta an réigiúin go príomha. A bhuí le líon ard uaireanta gréine, bíonn fíonta an réigiúin tathagach go hiondúil, agus neart alcóil níos airde iontu. Mar gheall ar na dálaí nádúrtha, tá tainnin shíodúil sna fíonta Pannon rosé agus dearga.

De bharr thionchar na Meánmhara, féadann na táirgeoirí fíonchaoire agus fíona cineálacha fíonchaoire gile agus deirge a aibíonn go déanach a bhuain (e.g. Olasz rizling, Furmint, Cabernet Franc agus Cabernet Sauvignon) nuair atá siad aibí agus ábhar siúcra ard iontu.

Mar gheall ar aimsir mhaith an fhómhair go minic, is féidir fíonchaora rísínithe agus fíonchaora ró-aibí araon a bhuain. Feictear é sin leis an táirgeadh forleathan fíonta ó fhíonchaora buainte go déanach, buainte roghnaí agus rísínithe sa réigiún seo. Is de bharr an tsaineolais a thug táirgeoirí fíona an réigiúin chun cinn le himeacht na n-aoiseanna agus a thug siad ar aghaidh ó ghlúin go glúin, atá sárcháilíocht sna fíonta sin in éineacht leis na dálaí nádúrtha agus féidearthacht táirgeachta na gcineálacha áitiúla.

Tá eolas agus grá ag na daoine a chuireann fúthu i réigiún fíona Pannon ar fhíonsaothrú a théann siar trí na haoiseanna. Leag muintir na Suáibe a chuir fúthu i gcríoch réigiún fíona Pannon an bhunchloch le haghaidh fíonsaothrú agus táirgeadh fíona sa lá atá inniu ann. Athbhunaíodh táirgeadh fíona leis na fíonlanna teaghlaigh a bunaíodh ag tús na 1990idí agus bhí ar a gcumas táirgí de cháilíocht níos airde a dhéanamh, agus d'aimsigh siad margadh ina leith chomh maith.

8.5. *Fíon súilíneach: Tosca daonna*

I dteannta na dtosca nádúrtha agus daonna ar a dtugtar tuairisc, tá feidhm ag na nithe seo a leanas maidir le fíonta súilíneacha Pannon:

Tá táirgeadh fíonta súilíneacha i réigiún fíona Pannon ag dul siar 100 bliain. Bhí an-rath ar fhíonta súilíneacha a táirgeadh tar éis bhunú na chéad mhonarchan fíona in 1912 agus ghnóthaigh siad clú dóibh féin go náisiúnta.

D'athbhunaigh táirgeoirí i bhfo-réigiún fíona Pannon na traidisiúin maidir le fíon súilíneach a dhéanamh, rud a chuir fíon súilíneach Pannon ar an margadh arís.

Bhí an-rath ar na táirgí de bharr shaineolas agus cháil na saothróirí fíonchaor agus na ndéantóirí fíona áitiúla. Is príomhghné de tháirgeadh fhíona shúilínigh Pannon é an próiseas traidisiúnta agus coipeadh buidéil, agus dá dtoradh forbraíonn blasanna agus dea-bholaithe tánaisteacha anuas ar na príomh-bholaithe torthaí.

8.6. *Fíon súilíneach: Tuairisc ar na fíonta*

De thoradh tabhairt chun cineáil níos faide, tá réimse dathanna ar fhíonta geala súilíneacha idir bhuí éadrom agus buí órga, ar na fíonta rosé súilíneacha idir chraicinn oinniúin agus bándearg na sú craobh, agus ar na fíonta dearga súilíneacha idir dhath an rúibín agus dúdhearg. Cinntear boladh agus blas fíonta súilíneacha Pannon leis na príomhshubstaintí blais agus dea-bholaithe atá lán de thorthaí agus spíosraí (i gcás rosé agus dearg) atá mar shaintréithe na bhfíonchaor; déantar iad a chomhlánú le dea-bholaithe tánaisteacha. Tá aigéid úra i bhfíonta súilíneacha Pannon.

8.7. *Fíon súilíneach: Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh*

Cuimsítear leis an réigiún fíona ceithre limistéar fíonsaothrúcháin theas na hUngáire. Tá tionchair ilchríochacha agus na Meánmhara le brath san aeráid áitiúil. Tá an líon uaireanta gréine níos mó ná an meánlíon náisiúnta. An méid frasaíochta bliantúla, dáileadh cothrom na frasaíochta agus saintréithe na n-ithreacha a fhágann go gcoinnítear an t-uisce go measartha maith, cuidíonn siad sin lena áirithiú go bhfuil soláthar uisce leordhóthanach do na fíniúnacha le linn thréimhse an fhásra. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcás na bhfíonta súilíneacha, mar cuireann sé cosc le foirmiú bolaithe plandúla dreoite agus aigéad anabaí géar san fhíon, a gcuirfeadh an dé-ocsaíd charbóin a eascraítear ón dara coipeadh alcóil leis.

Áirithíonn tréimhse fhada fásra agus lear mór teasa na dálaí is fearr do na fíonchaora chun na bunfhíonta a dhéanamh sa chaoi is go n-aibíonn na fíonta súilíneacha i gceart agus coinnítear a n-aigéid úra.

Tá saintréith uathúil d'fhíon súilíneach Pannon de thairbhe na dtosca seo a leanas in éineacht: suíomh na bhfíonghort, dálaí aimsire na Meánmhara, na hithreacha créúla ilchothaitheacha lós-cailcreach agus cineálacha fíonchaoire is oiriúnaí don limistéar táirgthe, agus caomhnaíonn an meascán sin na substaintí dea-bholaithe agus cumhrachta torthaí casta agus spíosrach, mar aon lena úire agus a aigéadacht ghalánta, fiú i ndiaidh an dara coipeadh alcóil. Fíonta súilíneacha a bhfuil cumhracht tánaisteach ghalánta fhíneálta uathu de thoradh an teacht chun cineáil níos faide atá mar chuid den phróiseas táirgthe traidisiúnta, tá siad tipiciúil den réigiún fíona.

8.8. *Fíon leathshúilíneach aeraithe: Tosca daonna*

Anuas ar na tosca daonna ar tugadh tuairisc orthu le haghaidh fíona cheana, baineann na nithe seo a leanas le fíon leathshúilíneach aeraithe Pannon:

Is catagóir táirge é fíon leathshúilíneach aeraithe atá sách nua do réigiún fíona Pannon. Thosaigh tairgeoirí an réigiúin á dhéanamh ó ná fíonchaora a fásadh go traidisiúnta anseo agus a úsáidtear chun an bunfhíon le haghaidh fíon súilíneach a dhéanamh, agus bhí rath margaíochta orthu ar an margadh intíre.

Is a bhuíochas do shaineolas agus cháil na saothróirí fíonchaoire agus na ndéantóirí fíona áitiúla ar éirigh go maith leis an táirge ar an margadh agus go heacnamaíoch. Déantar fíon leathshúilíneach aeraithe Pannon ó chineálacha a fhástar anseo go hiondúil, roghnaítear an tráth a dhéantar iad a bhuain sa chaoi is go n-áirithítear, le linn próiseála, gur féidir príomhbhlas nádúrtha na bhfíonchaor agus substaintí dea-bholaithe a chaomhnú; is éifeacht don dé-ocsaíd charbóin roimh bhuidéalú é sin a threisiú.

8.9. *Fíon leathshúilíneach aeraithe: Tuairisc ar na fíonta*

Bíonn ábhar aigéid comhchuí i bhfíonta geala aeraithe, rosé agus leathshúilíneacha Pannon go hiondúil, bíonn siad spleodrach agus bíonn dea-bholaithe úra torthaí casta uathu.

8.10. *Fíon leathshúilíneach aeraithe: Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh*

Cuimsítear leis an réigiún ceithre limistéar fíonsaothrúcháin theas na hUngáire. Tá tionchair ilchríochacha agus na Meánmhara le brath san aeráid áitiúil. Tagann an t-earrach chuig an gcuid sin den Ungáir ar dtús, agus tá an líon uaireanta gréine níos mó ná an meánlíon náisiúnta. An méid frasaíochta bliantúla, dáileadh cothrom na frasaíochta agus saintréithe na n-ithreacha, rudaí a fhágann go gcoinnítear an t-uisce go measartha maith, cuidíonn siad sin lena áirithiú go bhfuil soláthar uisce leordhóthanach do na fíniúnacha le linn tréimhse an fhásra. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcás na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe, mar cuireann sé cosc le foirmiú bolaithe plandúla dreoite agus aigéad anabaí géar a gcuirfeadh an dé-ocsaíd charbóin san fhíon leis.

Tá saintréith uathúil an fhíona de thairbhe na dtosca seo a leanas in éineacht: suíomh na bhfíonghort, aeráid na Meánmhara, na hithreacha créúla ilchothaitheacha lós-cailcreach agus cineálacha fíonchaoire is oiriúnaí don limistéar táirgthe, mar a léirítear sa bhlas torthaí casta agus sna substaintí dea-bholaithe mar aon lena úire agus a aigéadacht ghalánta.

## 9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar geografach inar féidir fíonta a thairgeadh le sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) Pannon

Creat dlíthiúil:

Ó eagraíocht a bhainistíonn STFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

An cineál coinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní bheidh cead fíonta leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint Pannon a tháirgeadh ach amháin sna bardais sna limistéir fíonsaothrúcháin Tolna, Szekszárd, Pécs agus Villány a liostaítear i roinn IV den tsonraíocht táirge, agus in Dég i gContae Fejér agus in Varsád i gContae Tolna.

Tá na bardais Dég agus Varsád lonnaithe sa limistéar riaracháin céanna le réigiún fíona Pannon.

Rialacha maidir le comharthú

Creat dlíthiúil:

Ó eagraíocht a bhainistíonn STFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar aonad geografach a chomharthú taobh leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint Pannon.

Féadfar lógó Pannon a thaispeáint.

Téarmaí traidisiúnta arna n-údarú le húsáid, téarmaí eile a bhfuil a n-úsáid srianta, téarmaí lena gcomharthaítear an modh táirgthe, agus téarmaí eile a bhfuil a n-úsáid rialaithe:

Fíon

1. Geal: Késői szüretelésű [fíon buainte go déanach], Válogatott Szüretelésű [fíon buainte roghnaí], Muskotály, Cuvée nó Küvé, Szüretlen [neamhscagtha], Töppedt szőlőből készült [a dhéantar ó fhíonchaora rísínithe], Primőr [primeur] nó Újbor [fíon nua], barrique, "barrique-ban erjesztett" [coipthe i mbairillí] nó "..hordóban erjesztett" [coipthe i mbairillí], "barrique-ban érlelt" [a aosaítear i mbairillí] nó "... hordóban érlelt" [a aosaítear i mbairillí]

2. Rosé: Válogatott Szüretelésű [fíon buainte roghnaí], Szüretlen [neamhscagtha], Primőr [primeur] nó Újbor [fíon nua]

3. Dearg: Siller, Késői szüretelésű [fíon buainte go déanach], Válogatott Szüretelésű [fíon buainte roghnaí], Muskotály, Cuvée nó Küvé, Szüretlen [neamhscagtha], Töppedt szőlőből készült [a dhéantar ó fhíonchaora rísínithe], Primőr [primeur] nó Újbor [fíon nua], barrique, "barrique-ban erjesztett" [coipthe i mbairillí] nó ".. hordóban erjesztett" [coipthe i mbairillí], "barrique-ban érlelt" [a aosaítear i mbairillí] nó "... hordóban érlelt" [a aosaítear i mbairillí]

Fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe:

1. Geal: Muskotály, Cuvée nó Küvé

2. Rosé: Muskotály, Cuvée nó Küvé

3. Dearg: Muskotály, Cuvée nó Küvé

Is féidir go mbeidh na nathanna "termőhelyen palackozva" [buidéalaithe sa limistéar táirgthe), "termelői palackozás" [buidéalaithe ag an táirgeoir] agus "pinceszövetkezetben palackozva" [buidéalaithe i gcomharchumann fíonlainne] ar aon fhíon Pannon.

Féadfar an téarma "rosé" a chur in ionad "rozé", agus an téarma "cuvée", nó házasítás' [cumasc] in ionad "küvé".

Rialacha maidir le cur i láthair

Creat dlíthiúil:

Ó eagraíocht a bhainistíonn STFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ceadaítear gach modh cur i láthair, ach amháin maidir le fíonta Pannon buainte go déanach, fíonta Pannon buainte roghnaí agus fíonta Pannon a rinneadh ó fhíonchaora rísínithe, a fhéadfar a dhíol i mbuidéil ghloine amháin.

Níl feidhm ag an riail sin maidir le fíonta arna ndéanamh laistigh den limistéar táirgthe ag an táirgeoir ina shiléar/siléar féin lena n-ól ar an láthair.

Réamhfhógra maidir le cur i láthair:

Ní mór do shaoráidí buidéalaithe lasmuigh den limistéar críochaithe fógra a thabhairt do rúnaí réigiún fíona Pannon faoi aon bhuidéalú de tháirgí earnáil an fhíona leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint tráth nach déanaí ná 8 lá sula dtosófar an cur i láthair.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://boraszat.kormany.hu/download/9/b1/f2000/Pannon%20term%C3%A9kle%C3%ADr%C3%A1s%203-v%C3%A1ltozat%20COM%20kn.pdf

**Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 401/09)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

**FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL**

**"Patrimonio"**

**PDO-FR-A0157-AM01**

**Dáta teachtaireachta: 8 Meán Fómhair 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

1. **Cleachtais maidir le fíonóireacht**

Leathnaíodh Caibidil I den tsonraíocht le haghaidh shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint "Patrimonio" ag Roinn VI, pointe 1, "Modhanna oiliúna". Áirítear leis an athrú sin foráil agra-chomhshaoil lena gcuirtear toirmeasc ar fhiailnimheanna ceimiceacha a úsáid.

Áiríodh an fhoráil sin freisin sa doiciméad aonair sa roinn maidir le "Cleachtais saothraithe".

2. **Sonraí teagmhála an chomhlachta cigireachta**

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht le haghaidh shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint "Patrimonio" ag Roinn II, "Tagairtí don chomhlacht cigireachta", chun seoladh INAO a nuashonrú:

"Institut National de l'Origine et de la Qualité (INAO)
TSA 30003 - 93555 MONTREUIL Cedex

Fón +33 173303800

Facs +33 17303804

R-phost: info@inao.gouv.fr"

Cuireadh an leasú sin leis an doiciméad aonair sa roinn maidir le "Sonraí teagmhála an chomhlachta cigireachta".

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Patrimonio

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dTáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **tuairisc ar an bhFíon nó ar na fíonta**

1. *Saintréithe anailíseacha na bhfíonta*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is féidir fíonta socra dearga, rosé nó geala a bheith i gceist le fíonta ag a bhfuil an sonrúchán "Patrimonio".

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Comhlíonann an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte na critéir a leanas: 11 % le haghaidh fíonta geala, 11.5 % le haghaidh fíonta rosé agus 12 % le haghaidh fíonta dearga.

Tráth an phacáistithe, is é 0.4 gram in aghaidh an lítir uasmhéid aigéid mhalaigh fíonta dearga.

Tar éis iad a choipeadh, tá méid siúcra coiptheach (glúcós agus fruchtós) sna fíonta nach mó ná na méideanna a leanas:

— Le haghaidh fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte nach mó ná 14 %: 4 g/l

— Le haghaidh fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %: 5 g/l

Maidir leis na méideanna d'aigéadacht iomlán, aigéadacht so-ghalaithe agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. *Tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Seasann na fíonta dearga do 40 % den táirgeadh. Déantar iad ón gcineál Nielluccio N, arb ionann é agus 90 % ar a laghad de na fíonchaora sa mheascán cineáil agus sa mheascadh. Táirgeann sé fíonta tathagacha le tainníní struchtúrtha, rud a ráthaíonn cumas maith aosaithe. Bíonn dath domhain ar na fíonta: dearg geal, dath an rúibín nó dath an ghairnéid. Is minic a bhíonn neart alcóil nádúrtha ard de réir toirte acu, níos mó ná 13 %. Tugann dea-bholaithe na bhfíonta óga torthaí dearga le fios, amhail cuirín dubh nó sméar dhubh, le blasanna adhmadacha anseo agus ansiúd, ach le himeacht ama forbraíonn siad dea-bholaithe spíosraithe, agus imireacha tóstáilte agus balsamacha iontu freisin.

Is iondúil go mbíonn na fíonta rosé mar thoradh ar mheascadh sciliúil cineálacha fíonchaor arb ionann Nielluccio N agus 75 % ar a laghad díobh, agus lena n-áirítear freisin na cineálacha Sciaccarello N, Grenache N agus Vermentino B. Is fíonta socra tirime iad le dath bándearg láidir orthu, agus iad cothrom le saintréithe aramatacha acu a thugann sú craobh agus spíonán le fios. Is iondúil go n-óltar iad agus iad óg, bíonn siad ar comhchiall le húire.

Is fíonta socra agus tirime iad na fíonta geala. Déantar iad ón gcineál Vermentino B agus ón gcineál sin amháin, agus is iondúil go dtugann sé saibhreas aramatach iontach dóibh. Na dea-bholaithe torthaíocha a thugann bláthanna bána, sceach gheal agus giolcach le fios, bíonn siad suntasach go háirithe agus na fíonta óg.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1.

Cleachtas saothraithe

— Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha.

— Níor cheart spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2.80 méadar, agus ba cheart spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0.80 méadar ar a laghad.

— Déantar prúnáil mheasctha ar na fíniúnacha (ag úsáid an mhodh cuachphrúnála nó cordon de Royat), agus 10 bachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist.

— Toirmisctear úsáid fiailnimheanna ceimiceacha.

— Toirmisctear uisciú.

2.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

— Toirmisctear saibhriú go hiomlán.

— Toirmisctear úsáid sliseanna adhmaid.

— Toirmisctear úsáid fioghuail fíoneolaíochta.

Leis na cleachtais fíonóireachta a ndéantar dá réir, ní mór rialacha an Aontais agus an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buaintear na fíonchaora, déantar na fíonta agus déantar iad a thabhairt chun cineáil i gcríoch na mbardas a leanas i roinn Haute-Corse: Barbaggio, Farinole, Oletta, Patrimonio, Poggio-d'Oletta, Saint-Florent agus Santo-Pietro-di-Tenda.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Grenache N

Nielluccio N – Nielluciu

Sciaccarello N

Vermentino B – Rolle

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha agus daonna is ábhartha don nasc*

***Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc***

Suite ag bun Cap Corse, ag breathnú amach thar Mhurascaill Saint-Florent, cuimsítear leis an limistéar geografach amfaitéatar mór nádúrtha a osclaíonn amach ina mhachaire, ina chnoic agus ina ghleannta. Ó thoir, i dtreo Bastia, agus ó dheas, i dtreo Fhásach Agriates, bíonn dlúthlíonra aibhneacha cósta beaga agus líne dromanna mórthimpeall an limistéir.

Síneann an limistéar thar sheacht mbardas i roinn Haute-Corse, lena gcumhdaítear réigiún Nebbiu, a chiallaíonn "ceo" sa Chorsaicis.

Is mór an rilíf, a léiríonn na scoilteanna talún a chroith an réigiún sa ré thánaisteach (Mhéiseasóch). Tá an fostratam geolaíoch comhdhéanta de shiostaí geala ó ghrinneall na farraige, cumhdaithe le sil-leagain dríodair ó thiar, agus sil-leagain chriostalta ó thoir. Leis an staid gheolaíoch seo, cruthaíodh tírdhreach de chnoic chruinne aolchloiche agus aonchlaonas ag rith ó Poggio-d'Oletta go Farinole. Cuirtear an chuid is mó de na fíonghoirt sa limistéar íseal a cruthaíodh leis an aonchlaonas, ar a dtugtar "Conca d'Oro", a chiallaíonn "conc saibhir", atá suite na deicheanna méadar os cionn na farraige agus bíonn topagrafaíocht chasta i gceist leis. Cuirtear fíonghoirt freisin ar thaobhanna cnoc nó, ar scála níos lú, ar an machaire farraige dea-dhraenáilte, mar shampla siar ó thuaidh ó bhardas Patrimonio.

Fíniúnacha den chuid is mó atá sna limistéir saothraithe, agus is talamh dlúth tom é an cumhdach fásra sna limistéir neamhshaothraithe, go minic dofheicthe, le paistí de chrainn olóige fhiáine agus coillearnacha de dhair thoilm sna loig.

Tagann uathúlacht chríoch "Patrimonio" ó chastacht na n-ithreacha sa limistéar íseal seo, a bhfuil difríochtaí suntasacha eatarthu de réir bardais, airde agus cóngaracht don fharraige. Den chuid is mó, is créanna agus aolchloch iad na hithreacha ó thiar, agus tá cion ard cloiche agus siosta acu i dtreo Poggio-d'Oletta ó thoir.

Tairbhíonn aeráid na Meánmhara den éifeacht mhaolaithe atá bainteach le cóngaracht don fharraige ar an amfaitéatar nádúrtha seo a thugann aghaidh ar an ngrian ag dul faoi. Is gaotha séasúracha iad an Maestrale, siar ó thuaidh, agus an Libecciu, siar ó dheas, a mbíonn tionchar láidir acu ar an bhfásra. Tá na difríochtaí sa teocht measartha.

Téann an fíonsaothrú Corsacach siar go dtí na cianaoiseanna. Thug na Gréagaigh an fhíniúin isteach sé chéad bliain roimh Chríost. D'fhorbair na Rómánaigh an trádáil fíona lasmuigh den oileán níos déanaí.

Le titim Impireacht na Róimhe, d'éirigh onnmhairí fíona níos annaimhe. Ní dhearnadh an fíonsaothrú a athbheochan go dtí an 11ú céad, le muintir Pisa, go príomha chun fíon Comaoinigh a tháirgeadh.

Sa 15ú céad, faoi riail Genova, bhí tús áite ag an bhfíonsaothrú, agus go háirithe ag "Patrimonio". Ag deireadh an 18ú céad, luchtaíodh fíonta ó réigiún Nebbiu ar bháid seoil ag Saint-Florent agus tógadh iad timpeall Cap Corse lena ndíluchtú ag Bastia. Blaiseadh ann iad agus, dá n-éireodh leo sa triail, d'údarófaí iad lena n-onnmhairiú faoin ainm "*vini navigati*": "fíonta a seoladh".

I measc na chéad daoine a roghnaigh cáilíocht a fhorbairt, rinne táirgeoirí "Patrimonio" iarratas ar dtús ar aitheantas mar shonrúchán tionscnaimh cláraithe in 1942. Mar gheall ar na srianta rialála agus staid ar leith an oileáin, níor síníodh an fhoraithne aitheantais go dtí earrach 1968.

In 2008, chumhdaigh fíonghoirt "Patrimonio" achar dromchla 410 heicteár, ag táirgeadh 14 200 heictilítear a rinneadh in 32 fíonlann aonair.

8.2. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Tá an réigiún beag ach bríomhar saibhir seo dea-chosanta ó na gaotha le nochtadh iontach ar an ngrian ag dul faoi. Táirgtear roinnt de na fíonta is cáiliúla sa Chorsaic ann, agus ba é an chéad sonrúchán tionscnaimh cláraithe a aithníodh ar an oileán.

Aeráid na Meánmhara, an topagrafaíocht íseal a cruthaíodh leis an aonchlaonas, agus an ithir aolchloiche, is gnéithe iad sin uile a ligeann do Nielluccio N a bheith ar an gcineál fíonchaoire is tábhachtaí i bhfíonghoirt "Patrimonio". Tá sé tábhachtach i réimse Bacchus mar is é fuil Jove, "*sanguis jovis*" é, ar fuil saibhir é a bhfuil dath domhain uirthi mar thoradh ar aolchloch "Patrimonio".

Mar shiombail d'oidhreacht fhás fíniúna na Corsaice, is ionann tábhacht Nielluccio N in "Patrimonio" agus tábhacht Sciaccarello N in "Ajaccio".

Tá na cnoic scaipthe i gcroílár an limistéir gheografaigh, ag soláthar foscadh ón ngaoth do na fíniúnacha a úsáideann a nduilleoga ar fad chun solas gréine te a fháil, nach mbíonn mórán tionchar ag athruithe gaoth loiscneach an tsamhraidh orthu.

Tá an limistéar dáileachta críochaithe go soiléir le haghaidh bhuain na bhfíonchaor leis na dáileachtaí is fearr. Tá siad cosanta ag na fánaí, ag tairbhiú de na treoíochtaí agus tionchair mhuirí is fearr, arb iad ithreacha cré agus aolchloiche is mó atá le fáil iontu, nó le paistí níos lú a forbraíodh ar shiosta aolchloiche nó lonrach.

Sna dálaí sin, is gá plandaí agus a n-acmhainneacht táirgthe a bhainistiú go han-mhaith trí bhíthin treoraíocht fíniúnacha, prúnáil mheasctha agus táirgeacht íseal. Tá na dálaí áitiúla soiléir i saibhreas aramatach na bhfíonta, i struchtúr galánta tainniní na bhfíonta dearga agus i bhflaithiúlacht na bhfíonta rosé.

Ag tairbhiú den timpeallacht nádúrtha, bíonn láithreacht na bhfíonghort mar thoradh ar shaineolas na saothróirí fíniúna áitiúla thar aon rud eile. Bhí an t-eolas acu na suíomhanna is fearr a roghnú, cineálacha fíniúnacha traidisiúnta a choinneáil agus fíonta a tháirgeadh a bhí in ann a mhaireachtáil le himeacht ama, ag cosaint a bhféiniúlacht a bhfuil aithne mhaith ag tomhaltóirí eolasacha orthu.

Roinntear na fíonghoirt ina réadmhaoine beaga. Leis na scileanna a fuarthas ann thar na glúnta, is féidir fíonta uaisle a chur in iúl, ar léirithe ionracha iad de na saintréithe ar leith a bhaineann le cineálacha fíonchaoire iontacha na Corsaice.

Tharla ceiliúradh 30 bliain an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe "Patrimonio" an 11 Samhain 1998. Ó shin i leith, bunaíodh traidisiún de "A San Martino" nó "La Saint-Martin", féasta naomhphátrún na saothraithe fíniúna agus roinnt fíona. Deis bhliantúil le haghaidh cóisir a bhíonn i gceist nuair a osclaítear bairille bliana na fíona nua, arna óstáil ag cuideachta Bacais.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Cuimsítear sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag an maolú ar na fíonta a dhéanamh agus a aibiú, críoch bhardas Olmeta-di-Tuda i roinn Haute-Corse.

**Nasc chuig an tSonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-ef16a4b1-5277-4772-9bf6-0d315936c90c

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA